CINNEADH (AE) 2023/1550 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Iúil 2023

lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh ón 3 Lúnasa 2023, tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a ceapadh Peter KURZ.

(4) Mhol Rialtas na Gearmáine Wolfram LEIBE, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Oberbürgermeister der Stadt Trier* (Ardmhéara Chathair Trier), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí deireadh an téarma oifige reatha an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Wolfram LEIBE, ionadaí do chomhlacht áitiúil a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Oberbürgermeister der Stadt Trier* (Ardmhéara Chathair Trier), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES